C/2025/3643

3.7.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Case M.11988 – AAS / SINOPEC / FPCL / GULEI II JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/3643)

1. An 25 Meitheamh 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Aramco Asia Singapore PTE. Ltd. ('AAS', Singeapór), fochuideachta chleamhnaithe ar lánúinéireacht ag Saudi Aramco (an Araib Shádach),

— China Petroleum & Chemical Corporation ('Sinopec', an tSín),

— Fujian Petrochemical Company Limited ('FPCL', an tSín), atá faoi rialú comhpháirteach Sinopec agus Fujian Energy Petrochemical Group Co ('FEPG' an tSín).

Gheobhaidh AAS, Sinopec agus FPCL rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar an gcomhfhiontar nuachruthaithe Gulei II JV.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Feidhmíonn AAS mar mhol na hÁise le haghaidh ghníomhaíochtaí státchiste, seirbhísí TF agus sealbhú tallainne Saudi Aramco, chomh maith le mol réigiúnach agus tairseach chuig réigiúin na hÁise Thoir Theas agus na hAigéine le haghaidh seirbhísí margaíochta amhola agus GPL, slabhra soláthair agus ábhair a fhoinsiú agus bainistiú cáilíochta. Tá Saudi Aramco ag gabháil go príomha do shubstaintí hidreacarbóin a chuardach, a thaiscéal, a dhruileáil agus a asbhaint agus na substaintí sin a phróiseáil, a mhonarú, a scagadh agus a mhargú. Feidhmíonn Saudi Aramco go príomha san Araib Shádach, san Eoraip, san Áise agus i Meiriceá Thuaidh,

— Is grúpa peitriliam agus peitriceimiceach é Sinopec a bhfuil a cheanncheathrú i mBéising, agus tá sé gníomhach i raon an-leathan réimsí lena n-áirítear na tionscail fuinnimh réamhtheachtacha, mheánteachtacha agus iartheachtacha, chomh maith le táirgeadh, díol, stóráil agus iompar táirgí peitriceimiceacha,

— Tá FPCL ag gabháil go príomha do scagadh ola, do tháirgeadh peitriceimiceach agus do mhonarú ceimiceán. Is fiontar faoi úinéireacht stáit é FEPG atá lonnaithe i gCúige Fujian na Síne, agus tá sé dírithe go príomha ar infheistíocht agus ar bhainistiú sócmhainní sa tionscal peitriceimiceach.

3. Forbróidh Gulei II JV tionscadal scagtha agus peitriceimiceach comhtháite úrnua i bPáirc Gulei, agus tá coinne leis go monaróidh sé táirgí scagtha amhail nafta, gás peitriliam leachtaithe, sulfar, ola bhreosla throm agus breosla eitlíochta, agus táirgí ceimiceacha amhail xiléiní measctha, paraicsiléin, ortaixiléin, beinséin, aicéatáit vinile eitiléine, poileitiléin, monaiméir aicéatáite vinile, ochtanól, aicrilinítríl, bútaidhé-éin, ter-búitiléin mheitile, C5, C9+, aicrioláit bhúitile agus amóinia, agus go ndíolfaidh sé go heisiach iad le custaiméirí i bPáirc Gulei sa tSín.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11988 – AAS / SINOPEC / FPCL / GULEI II JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.